
# Lámhleabhar an tráchtais
# 2025-26
## An M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
## Scoil an Oideachais
## Coláiste na Tríonóide



## Clár an Lámhleabhair

Lámhleabhar an tráchtais....1
2025-26....1
An M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta....1
Scoil an Oideachais....1
Coláiste na Tríonóide....1
1. An lámhleabhar seo agus acmhainní eile....2
2. Dátaí agus sonraí tábhachtacha....3
3. Ag obair le do stiúrthóir....4
3.1 An chéim phleanála....4
3.2 Freagrachtaí an mhic léinn agus an stiúrthóra....5
4. Cúrsaí eitice agus an t-iarratas eitice....7
5. Leagan amach an tráchtais....8
5.1 Nósmhaireachtaí téacs....8
5. 2 Leathanaigh tosaigh....9
5.3 Struchtúr samplach: tráchtas le sonraí príomhúla (i.e. staidéar)....11
5.4 Struchtúr samplach: tráchtas le léirbhreithniú córasach litríochta....16
5.5 Struchtúr samplach: léirbhreithniú litríochta traidisiúnta....19
6. An rúibric a bhaineann leis an tráchtas....22

## 1. An lámhleabhar seo agus acmhainní eile

Tá eolas sa lámhleabhar seo maidir leis an tráchtas a leagtar isteach sa dara bliain den M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Cuirtear an lámhleabhar seo ar fáil go comhthreomhar le hacmhainní eile atá ábhartha don tráchtas, mar atá:

- An t-ábhar a bhain le Modúl 6: *Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar Thaighdeoirí* inar pléadh modhanna taighde, modhanna samplála, modhanna anailíse, cúrsaí muiníne, iontaofachta agus bailíochta, cúrsaí eitice, chomh maithe leis na prionsabail a bhaineann leis an múinteoir mar thaighdeoir.
- An leabhrán dar teideal Treoir: Stíl Tagartha APA 7 agus an Scríbhneoireacht Anailíseach, ina mínítear córas tagartha APA, 7ú hEagrán. Tá an treoir sin ar fáil

ar Blackboard, ar leathanach an mhodúil *Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar Thaighdeoirí* agus ar leathanach an mhodúil *An Tráchtas*[1].

- Treoir maidir le REAMS, árdán ar líne ar a gcuirtear iarratais eitice isteach. Tá an treoir sin ar fáil ar Blackboard, ar leathanach an mhodúil *Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar Thaighdeoirí* agus ar leathanach an mhodúil *An Tráchtas*.
- Acmhainní an Choláiste, go háirithe:
  - *Sage Research Methods*, áit a bhfuil fáil ar chnuasach mór acmhainní a bhaineann le taighde a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.
  - Pacáiste EndNote, atá ar fáil saor in aisce, chomh maith leis an treoir agus na ceardlanna a chuireann an leabharlann ar fáil.
  - Pacáiste NVivo, atá ar fáil saor in aisce ón gColáiste, úsáideach dóibh siúd ag plé le sonraí cáilíochtúla (e.g. ó agallaimh, grúpaí fócais).
  - Pacáiste SPSS, atá ar fáil saor in aisce ón gColáiste, úsáideach dóibh siúd a dhéanfaidh anailís staitisticiúil ar shonraí chainníochtúla (e.g. i gcás ceistneoirí móra nó staidéir idirghabhála).
  - Treoir Leabharlann na Tríonóide maidir le teacht ar fhoinsí.

Tá súil againn go mbeidh an lámhleabhar seo ina thacaíocht daoibh i mbliana agus guímid, mar Fhoireann an M.Oid, gach rath oraibh i mbliana.

## 2. Dátaí agus sonraí tábhachtacha

Tá eolas ginearálta thíos faoi na próisis a bhaineann le cur isteach an tráchtais.

**An líon focal agus creidiúintí**: Iarrtar ar rannpháirtithe tráchtas 15,000 ar fhad (± 10 %), arbh fhiú 30 ECTS é a scríobh. Ní chuirtear na haguisíní, an leabharliosta ná an t-ábhar tosaigh (clár an ábhair etc) san áireamh sa líon focal.

**An spriocdháta:** Is é an 24 Iúil 2026 an spriocdháta leis an tráchtas a leagan isteach.

**Cur isteach an tráchtais**: Cuirtear an tráchtas isteach ar Blackboard ar leathanach an mhodúil *An Tráchtas*.

**Monatóireacht ar an dul chun cinn**: Cuirfear foirm mheasúnaithe chuig rannpháirtithe M.Oid. i mí Eanáir 2026. Iarrfar ar rannpháirtithe measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta acu go dtí sin. Ansin, cuirfidh rannpháirtithe an fhoirm chuig a stiúrthóir agus cuirfidh an stiúrthóir in iúl go bhfuil dul chun cinn sásúil á

[1] Ní bheidh fáil ar an Modúl *An Tráchtas* go dtí tús mhí Mheán Fómhair 2024. Mar sin, cuirtear ábhar a bhaineann leis an tráchtas ar fáil sa mhodúl *Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar Thaighdeoirí* chomh maith.

dhéanamh ag an rannpháirtí, nó go bhfuil breis tacaíochta ag teastáil uathu. Is ar an rannpháirtí a bheidh an fhreagracht an fhoirm a uaslódáil ar Blackboard, ar leathanach an mhodúil *An Tráchtas.* Sa chás go bhfuil breis tacaíochta ag teastáil, déanfar gach iarracht í a chur ar fáil.

**Sínte ama**: Is féidir le rannpháirtí síneadh ama a lorg. Ní mór (i) An síneadh ama a phlé le do stiúrthóir (ii) Ríomhphost a chur chuig comhordaitheoir an M.Oid. (le CC chuig do stiúrthóir) le cur in iúl go bhfuil síneadh ama á lorg, agus an méid ama atá ag teastáil a lua (suas le coicís). Ní mór a chur san áireamh go dtugann an síneadh ama am breise don rannpháirtí an tráchtas a chur i gcrích, ach go bhfuil deireadh tagtha le freagrachtaí an stiúrthóra (i.e. níl ceangal orthu treoir bhreise a chur ar fáil, ná aiseolas a thabhairt ar dhréachtaí).

## 3. Ag obair le do stiúrthóir

Cuirfear rannpháirtithe i dteagmháil lena stiúrthóir ag deireadh na chéad bhliana. Moltar **teagmháil a dhéanamh le do stiúrthóir uair sa mhí** (is ionann teagmháil agus cruinniú, aiseolas a lorg ar dhréacht, comhairle a lorg tríd an ríomhphost, an t-iarratas eitice a chur faoina mbráid, etc) ó Mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh. Beidh an stiúrthóir in ann treoir a chur ar fáil maidir le minicíocht na gcruinnithe, ach moltar sé chruinniú a reáchtáil le linn na bliana mar threoir ghinearálta. Is ar an rannpháirtí M.Oid. atá an fhreagracht cruinnithe a lorg. De ghnáth, ní mór fógra coicíse a thabhairt nuair atá cruinniú á lorg

### 3.1 An chéim phleanála

Is **túsphointe an tráchtais é an togra taighde** a rinne tú mar chuid de *Mhodúl 6: Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar Thaighdeoirí.* Ba chóir é a phlé le do stiúrthóir taighde ag tús an phróisis. Sa chás go mbíonn coimhlint idir an t-aiseolas a fuair tú ar an togra taighde agus tuairim an stiúrthóra, ba cheart tosaíocht a thabhairt do thuairim an stiúrthóra.

Maidir leis an **bplean oibre** a luaitear sa tábla thíos, ní mór plean cuimsitheach a ullmhú ag tús na bliana le cinntiú go bhfuil go leor ama agat tabhairt faoin togra atá beartaithe agat agus le gur féidir an dul chun cinn atá á dhéanamh agat a mheas.

- Tá cairt Gannt ar fáil ar Blackboard, ar leathanach an mhodúil *Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar Thaighdeoirí* agus ar leathanach an mhodúil *An Tráchtas*. Sa chairt Gannt, cuirtear síos ar na tascanna ar fad a bheidh le déanamh, agus ar an méid ama a bheidh ag teastáil le gach tasc a chur i gcrích.

- Ní mór am machnaimh a chur san áireamh sa phleanáil. Bíonn am ag teastáil le machnamh a dhéanamh ar cheisteanna, go háirithe le linn tréimhsí léitheoireachta agus scríbhneoireachta.
- Mar chuid den phlean oibre, is maith an nós cur síos ar aon rioscaí atá ann (e.g. moill ar an gcead eitice, deacrachtaí teacht ar rannpháirtithe), agus straitéisí a oibriú amach lena sárú.

### 3.2 Freagrachtaí an mhic léinn agus an stiúrthóra

Cuirtear síos sa tábla thíos ar na freagrachtaí a bhíonn ar an rannpháirtí agus ar an stiúrthóir go hiondúil.

| An rannpháirtí | An stiúrthóir |
|---|---|
| **Ag tús an phróisis** | |
| 1. **Teagmháil a dhéanamh** leis an stiúrthóir, dréacht den togra taighde a chur chucu agus dáta a mholadh don chéad chruinniú. | |
| 2. **Plean oibre don bhliain a ullmhú** i gcomhairle leis an stiúrthóir. Ní mór saoire scoile agus saoire bhliantúil an rannpháirtí agus an stiúrthóra a chur san áireamh. | • Comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir leis an bplean oibre. Eolas a chur ar fáil don rannpháirtí maidir lena saoire bhliantúil agus tréimhsí gnóthacha sa bhliain acadúil. |
| 3. **Plé** a dhéanamh leis an stiúrthóir maidir le minicíocht na gcruinnithe, cathain ar cheart dréachtaí a chur chucu, etc. Sceideal cruinnithe a ullmhú don bhliain, más cuí. | • Plé a dhéanamh leis an rannpháirtí maidir le minicíocht na gcruinnithe, an méid ama a bheidh ag teastáil go hiondúil le haiseolas a chur ar fáil, etc. |
| **Le linn an phróisis** | |
| 4. **Teagmháil rialta** a dhéanamh leis an stiúrthóir (thart ar uair sa mhí). | • Freagra a chur laistigh de raon ama praiticiúil atá pléite leis an rannpháirtí. |
| 5. **Tuairisc a scríobh** – agus a chur chuig an stiúrthóir – ar na cinntí a | |

| | |
|---|---|
| rinneadh agus na téamaí a pléadh ag gach cruinniú. | |
| 6. **Iarratas eitice a ullmhú** (más cuí) agus a chur faoi bhráid an Choiste Eitice i gcomhairle le do stiúrthóir; | • Athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar iarratas eitice an rannpháirtí. Ceisteanna an rannpháirtí faoi REAMS a fhreagairt (stiúrthóirí inmheánacha amháin). |
| 7. **Tabhairt faoin taighde** ar bhealach a léiríonn freagracht agus tuiscint ar threoirlínte eitice an Choláiste. | • Comhairle a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an taighde. Treoir a chur ar fáil maidir le hacmhainní agus áiseanna úsáideacha. |
| 8. **Dréachtaí** a chur faoi bhráid an stiúrthóra ar bhealach tráthúil. | • Aiseolas a chur ar fáil laistigh de raon ama praiticiúil (de ghnáth, ní mór coicís ar a laghad a thabhairt don stiúrthóir le haiseolas a chur ar fáil). |
| 9. **An fhoirm mheasúnaithe a chuirfear chugat i mí Eanáir 2025 a líonadh**, a chur faoi bhráid an stiúrthóra, agus a uaslódáil ar Blackboard. | • Cuir in iúl go bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh ag an rannpháirtí, nó go bhfuil tacaíocht ag teastáil, ar an bhfoirm mheasúnaithe. |
| 10. **Eagarthóireacht a dhéanamh** ar an tráchtas, i bhfianaise na dtreoirlínte a chuirtear ar fáil maidir le formáidiú agus maidir leis an gcóras tagartha. | • Comhairle a chur ar fáil maidir le heagarthóireacht an tráchtais, agus acmhainní a d'fhéadfadh a bheith ina dtacaíocht. |
| 11. **An tráchtas a chur isteach faoin spriocdháta**, ach amháin má tá síneadh ama aontaithe roimh ré le do stiúrthóir agus le comhordaitheoir an M.Oid. | • Comhairle a chur ar fáil don rannpháirtí maidir le cáilíocht an tráchtais, le cinntiú go bhfuil sé réidh le cur isteach. |

| Cásanna teagmhais | |
|---|---|
| 12. Aird an stiúrthóra a tharraingt, mar ábhar práinne, ar aon ghné den obair thaighde atá, nó a d'fhéadfadh a bheith, **ag teacht salach ar na Treoirlínte Eiticiúla**. | • An cás a phlé le comhordaitheoir an M.Oid. más cosúil go bhfuiltear tar éis teacht salach ar na treoirlínte eitice. |
| 13. Teagmháil a dhéanamh leis an stiúrthóir agus/nó le Comhordaitheoir an M.Oid. maidir le **cúinsí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an taighde** (e.g. breoiteacht) | • An cás a phlé le comhordaitheoir an M.Oid. más cosúil nach mbeidh an rannpháirtí in ann an tráchtas a leagan isteach in am, nó má tá tuilleadh tacaíochta ag teastáil uathu. |
| 14. **Síneadh ama a lorg** más cosúil nach mbeifear in ann an tráchtas a leagan isteach faoin spriocdháta. | |

## 4. Cúrsaí eitice agus an t-iarratas eitice

Ní mór cloí leis na prionsabail a roinneann le dea-chleachtas taighde agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGSC nó GDPR i mBéarla) i cónaí. Tá tábhacht ar leith ag baint le cúrsaí eitice i gcás taighde a dhéantar le daoine a bhfuil caidreamh ag an taighdeoir leo, go háirithe le páistí. Ní mór machnamh domhain a dhéanamh ar chúrsaí eitice ag gach céim den taighde i.e. pleanáil, cur i bhfeidhm, anailís, scríbhneoireacht, agus scaipeadh na dtorthaí. Moltar na hacmhainní atá ar fáil ar Blackboard ar leathanach an mhodúil *Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta* a úsáid, agus an leabhar thíos (a bhfuil fáil air ar Sage Research Core) a léamh:

> Israel, M. (2014). *Research ethics and integrity for social scientists: Beyond regulatory compliance*. Sage.

Maidir le hiarratais eitice, cuirtear faoi bhráid Choiste Eitice na Scoile/an Choláiste iad ar an árdán REAMS ar líne. Tá treoir ar fáil maidir leis an iarratas eitice a ullmhú ar Blackboard ar leathanach an mhodúil *Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar Thaighdeoirí* agus ar leathanach an mhodúil *An Tráchtas*.

Má tá ceisteanna agat faoi REAMS, is féidir iad a phlé le do stiúrthóir má tá stiúrthóir inmheánach agat. Má tá stiúrthóir ócáideach agat (i.e. nach n-oibríonn go lán-aimseartha i gColáiste na Tríonóide), is féidir ceisteanna a chur chuig

comhordaitheoir an chúrsa. De ghnáth, bíonn 4–6 seachtaine i gceist le haiseolas a fháil ón gcoiste eitice (i.e. cead eitice, moltaí maidir le hathruithe a dhéanamh, nó séanadh an iarratais eitice). Ní mór é sin a chur san áireamh sa phlean oibre don bhliain. Ina dhiaidh sin, má tá lorgaítear leagan leasaithe den iarratas, cuireann sé sin le fad an phróiseas.

## 5. Leagan amach an tráchtais

Is é seo a leanas an struchtúr ginearálta a bhíonn ar thráchtas de ghnáth.

1. Na leathanaigh tosaigh (a phléitear in 5.2)
2. Corp an tráchtais (pléitear an struchtúr in 5.3, 5.4 agus 5.5)
3. Tagairtí
4. Aguisíní

Maidir le corp an tráchtais, bíonn struchtúr éagsúil ar thráchtais ina gcuirtear staidéar, léirbhreithniú córasach nó léirbhreithniú traidisiúnta ar an litríocht i láthair. Tá struchtúr samplach ar fáil i gcás gach ceann acu sna leathanaigh a leanas.

- Tráchtas le sonraí príomhúla (i.e. staidéar): 5.3
- Tráchtas le léirbhreithniú córasach litríochta: 5.4
- Tráchtas le léirbhreithniú traidisiúnta litríochta: 5.5

Cuirtear na struchtúir ar fáil mar threoir, ach ní mór an struchtúr a phlé agus a shocrú i gcomhairle le do stiúrthóir. I gcás coimhlint idir na struchtúir a chuirtear i láthair sa lámhleabhar seo agus tuairim do stiúrthóra, is faoin rannpháirtí M.Oid. cinneadh a dhéanamh, ach moltar cloí le comhairle an stiúrthóra.

### 5.1 Nósmhaireachtaí téacs

Tá achoimre ar nósmhaireachtaí tábhachtacha thíos:

- Moltar an téacs a bheith dubh, agus clómhéid 12 le spásáil líne-agus-leath nó dúbailte a bheith ann i gcorp an téacs.
- Moltar na himill chlé a bheith níos lú ná 35mm agus aon imeall eile níos lú ná 20mm.
- Tosaítear an chéad leathanach de gach caibidil ar leathanach nua.
- Bíonn uimhreacha na leathanach suite go lárnach ag bun an leathanaigh agus thart ar 20 mm os cionn imill an leathanaigh.
- Baintear úsáid as uimhreacha Rómhánacha (i, ii, iii…) i gcás na leathanach tosaigh (a phléitear faoi 5.2). Ansin, baintear úsáid as na bunuimhreacha ón

gcéad leathanach de chaibidil 1 ar aghaidh. Tá treoracha maidir leis an gcaoi le córais éagsúla uimhrithe a chur i bhfeidhm in Microsoft Word ag an nasc seo.

- Sa chás go n-úsáidtear acrainm nó giorrúchán, cuirtear an t-ainm iomlán i scríbhinn agus an giorrúchán ar fáil an chéad uair e.g. An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). As sin amach, baintear úsáid as an ngiorrúchán amháin (COGG).

Maidir le nósmhaireachtaí a bhaineann le táblaí, léaráidí agus pointí eile stíle, baintear úsáid as treoirlínte stíle de chuid an APA, Eagrán 7.

## 5. 2 Leathanaigh tosaigh

Ní mór na leathanaigh seo a leanas a chur isteach roimh chéad chaibidil an tráchtais. Ní mór gach ceann acu a thosú ar leathanach nua.

### 1. An leathanach teidil

Ní mór an t-eolas seo a leanas a lua, san ord seo a leanas, ar an leathanach teidil:

- [Teideal an tráchtais]
- [Ainm an mhic léinn]
- Máistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- [Ainm an stiúrthóra]
- Coláiste na Tríonóide, [mí], [bliain]

### 2. An dearbhú

Cuirtear isteach an ráiteas seo a leanas díreach i ndiaidh an leathanaigh teidil:

"Dearbhaím nár cuireadh an tráchtas seo isteach mar shaothar céime san ollscoil seo ná in aon ollscoil eile agus gur liom féin amháin an saothar.

Dearbhaím gur cloíodh go docht leis na polasaithe ollscoile ábhartha agus an obair seo á chur i gcrích, an Polasaí um Ionracas Acadúil, Polasaí na Tríonóide ar an Dea-Chleachtas Taighde, agus an treoir maidir le húsáid IS agus ISG sa Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Taighde san áireamh.

Dearbhaím go gcuirfidh mé an tráchtas seo ar fáil i stór institiúideach rochtana oscailte na hOllscoile, nó go dtabharfaidh mé cead don Leabharlann é sin a dhéanamh ar mo shon, faoi réir Reachtaíocht Chóipchirt na hÉireann agus choinníollacha úsáide agus aitheantais Leabharlann Choláiste na Tríonóide.

[Tugaim/ní thugaim] cead don scrúdaitheoir cóip den tráchtas a choinneáil tar éis na tréimhse scrúdaithe, más mian leo é sin a dhéanamh (EU GDPR Bealtaine 2018)."

**3. An achoimre**

Tugtar achoimre (300 focal, ar a mhéid) ar an tráchtas. San achoimre, de ghnáth luaitear:

- Aidhm(eanna) an taighde
- Tábhacht an taighde/réasúnaíocht don taighde
- An mhodheolaíocht
- Na príomhthorthaí a fuarthas
- Tátal/príomhchonclúid

**4. Clár ábhair**

Tá treoir ar fáil anseo maidir le clár ábhair a chruthú in Microsoft Word. Leis sin a dhéanamh, ní mór teidil a fhormáidiú trí úsáid a bhaint as Stíleanna/Styles (treoir anseo).

**5. Nóta buíochais**

**6. Liosta na n-aguisíní**

**7. Liosta na dtablaí agus na bhfigiúirí**

**8. Liosta na ngiorrúchán**

### 5.3 Struchtúr samplach: tráchtas le sonraí príomhúla (i.e. staidéar)

#### Caibidil 1: Réamhrá

**Aidhmeanna, réasúnaíocht, cúlra agus comhthéacs** an taighde.

**Peirspictíocht an taighdeora:** mínítear an fáth a bhfuil spéis agat sa taighde, chomh maith leis an taithí ghairmiúil atá agat.

**Sainmhínithe:** cuirtear sainmhíniú ar fáil ar aon téarmaí tábhachtacha sa taighde, bunaithe ar an litríocht.

**Ceisteanna taighde:** Cuirtear na ceisteanna taighde in iúl go cruinn.

**Leagan amach an tráchtais**: Cuirtear síos ar na caibidlí atá sa tráchtas.

#### Caibidil 2: Léirbhreithniú litríochta

Cuirtear torthaí agus teoiricí ó thaighde atá déanta ar an ábhar cheana féin i láthair. Tá moltaí thíos maidir leis na tréithe a bhaineann le dea-léirbhreithniú:

*Sintéisiú*: ní mór sintéisiú a dhéanamh ar thorthaí agus tátal na staidéar éagsúil, seachas cur síos a thabhairt ar pháipéir ceann ar cheann. Ba cheart na príomhphatrúin atá sna torthaí, aon chonspóidí atá sa litríocht, agus aon bhearnaí atá ann a phlé.

*Criticiúil, seachas tuairisciúil*: Ní mór anailís a dhéanamh ar staidéir, seachas cur síos tuairisciúil a thabhairt. Leis sin a dhéanamh, ní mór príomhphatrúin – chomh maith le torthaí codarsnacha – sa taighde a aithint. Má tá éagsúlacht sna torthaí i staidéir éagsúla, ba chóir cúiseanna féideartha a mhíniú (e.g. modhanna éagsúla, modhanna samplála éagsúla). Fágann an tuiscint dhomhain sin gur féidir dul i ngleic leis an teoiric – atá bunaítear ar thorthaí taighde – ar bhealach criticiúil chomh maith.

*Cothromaíocht ó thaobh tuairimí de*: Ní minic a bhíonn gach taighdeoir i réimse taighde ar aon intinn le chéile. Ba chóir an dá thaobh den scéal a phlé i gcónaí, agus tátal a bhaint as nuair is féidir. Trí anailís chriticiúil a dhéanamh ar an litríocht, cuireann tú do sheasamh féin in iúl ar mhórcheisteanna an tráchtais.

*Cothrom le dáta*: Cé go bhfuil sé go maith na páipéir tosaigh a rinneadh ar an ábhar a phlé, ní mór don léirbhreithniú a bheith cothrom le dáta chomh maith.

*Ábhartha*: ní mór do na páipéir agus na téamaí a chlúdaítear a bheith ábhartha don staidéar. Tarlaíonn sé uaireanta go ndéantar léirbhreithniú ar théamaí ag tús an phróisis taighde, ach nach bhfuil siad ábhartha don taighde ag an deireadh.


*Baintear úsáid as foinsí ar ardchaighdeán*: Tá sé tábhachtach úsáid a bhaint as foinsí atá ar ardchaighdeán (i.e. a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu, agus atá in irisí nó leabhair ar ardchaighdeán).

## Caibidil 3: An mhodheolaíocht

### Ceisteanna taighde

### Cur chuige taighde

- **Cáilíochtúil, cainníochtúil nó modhanna measctha.** Mínítear an réasúnaíocht taobh thiar den chur chuige agus an chaoi a bhfuil sé ailínithe leis na ceisteanna taighde agus leis an taighde a tháinig roimhe.
- **Paraidím:** mínítear an pharaidím atá ailínithe leis an taighde agus an nasc atá aige sin leis an obair eile sa réimse léinn.
- **Dearadh an taighde***:* mínítear an creat taighde atá roghnaithe agat más cuí (e.g. cás-staidéar, taighde gníomhaíochta), chomh maith leis na modhanna taighde ar baineadh úsáid astu (e.g. agallaimh, measúnú etc). Cuirtear réasúnaíocht ar fáil i gcás gach ceann acu.
- Nóta: Tá sé an-tábhachtach go mbeadh na ceisteanna taighde, na modhanna taighde agus an pharaidím taighde ailínithe. Is fiú an chaibidil 'The Selection of a Research Approach' le Creswell & Creswell (2014) a léamh (ar fáil ar Blackboard: *Modúl 6: Múinteoirí Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta* mar Thaighdeoirí > Léitheoireacht > Tráchtas).




*Léaráid 1 An cur chuige taighde (Creswell & Creswell, 2014, lch. 5)*

**Earcaíocht na rannpháirtithe:** Cuirtear síos ar an modh samplála ar baineadh úsáid as, agus ar na próisis a leanadh le heolas a scaipeadh faoin staidéar agus le toil fheasach na rannpháirtithe a fháil. Cuirtear síos ar na critéir iniaimh agus eisiaimh, más cuí.

**Rannpháirtithe:** Cuirtear síos ar an sampla i.e. na rannpháirtithe. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir cur síos cuimsitheach a chur ar fáil, agus rúndacht na rannpháirtithe a chinntiú.

**Suíomh an taighde** (más cuí): Cuirtear síos ar shuíomh an taighde, má bhaineann sé le hábhar. Tugtar cur síos cuimsitheach ar an suíomh i gcás cás-staidéir, de ghnáth (ach ní mór rúndacht na scoile/na heagraíochta a chinntiú i gcónaí).

**Uirlisí taighde:** Tugtar cur síos cuimsitheach ar aon uirlisí taighde ar baineadh úsáid astu (e.g. suirbhé, liosta ceisteanna d'agallamh struchtúrtha/leath-struchtúrtha, measúnú). Ba chóir an réasúnaíocht a bhí mar bhunús do na cinntí deartha a mhíniú.

**Cúrsaí muiníne agus/nó cúrsaí iontaofachta agus bailíochta**: Tugtar sainmhíniú ar an téarma i dtaighde cainníochtúil/cáilíochtúil. Mínítear na straitéisí ar baineadh úsáid astu chun muinín agus/nó iontaofacht agus bailíocht an taighde a ardú (e.g. measúnú idirmheastóra, an tras-scríbhinn a chur faoi bhráid na rannpháirtithe, etc).

**Próisis an taighde**: Cuirtear síos ar an mbealach a riaradh an staidéar (mar shampla, cathain agus cén chaoi ar cuireadh suirbhé amach nó a ndearnadh measúnú; uirlisí ar baineadh úsáid astu le taifead físe/fuaime a dhéanamh).

**Anailís a dhéanamh ar shonraí:** Tugtar cur síos cuimsitheach ar an gcaoi a ndearnadh anailís ar na sonraí.

**Cúrsaí eitice agus cead eitice**: mínítear go bhfuarthas cead eitice ó choiste eitice Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide. Aithnítear agus pléitear na ceisteanna eitice is mó a bhain leis an taighde (e.g. cúrsaí cumhachta, anaithnideachta, rúndachta, cosaint sonraí etc).

**Srianta an taighde**: Mínítear srianta modheolaíochta an taighde (e.g. bunaithe ar an modh samplála, líon na rannpháirtithe, éagsúlacht na rannpháirtithe, na huirlisí taighde, claontaí, etc).

## Caibidil 4: Torthaí agus plé

Beidh cuma éagsúil ar an gcaibidil seo i ngach tráchtas ag brath ar an ábhar agus ar an modheolaíocht. Cuirtear moltaí ar fail thíos.

*Cur síos soiléir, comhtháite ar na torthaí***:** cuirtear na torthaí in iúl ar bhealach soiléir. Má tá sonraí cáilíochtúla i gceist, déantar iad a eagrú de réir téama. Cuirtear in iúl a choitianta is a bhí an tuairim (e.g. in áit "Shíl na rannpháirtithe go raibh…", luaitear an líon rannpháirtithe a raibh tuairim ar leith acu: "Shíl seachtar rannpháirtithe go raibh…"). Má tá sonraí cainníochtúla i gceist, luaitear líon na rannpháirtithe agus an céatadán e.g. "D'aontaigh 33 duine (30%) leis an ráiteas…". Moltar gan céatadán a úsáid leis féin nuair atá níos lú ná 100 rannpháirtí.

*Graif nó léaráidí a úsáid, nuair is cuí***:** baintear dea-úsáid as graif nó léaráidí le sonraí a chur i láthair. (Nóta: ba chóir lipéad a chur leis an dá ais sa ghraf, agus ba chóir go mbeadh an scála iomlán le feiceáil ar an ngraf e.g. más féidir scór idir 0–100 a fháil ar an measúnú, ní mór an scála iomlán a thaispeáint seachas cuid de).

*Tátal***:** aithnítear na príomhphatrúin sna sonraí go beacht agus cuirtear in iúl go soiléir iad le go dtuigeann an léitheoir príomhtheachtaireachtaí an staidéir.

*Nasc leis an litríocht***:** baintear úsáid as an litríocht le torthaí a mhíniú, agus le béim a chur ar thábhacht na dtorthaí. Chomh maith leis sin, aithnítear cosúlachtaí agus éagsúlachtaí leis na torthaí a fuarthas i staidéir eile. Déantar iarracht éagsúlachtaí a mhíniú. Baintear leas as an litríocht chun tacú leat tuiscint a fháil ar do chuid torthaí féin.

*Criticiúil***:** léirítear feasacht ar shrianta an staidéir agus ar thionchar na modheolaíochta ar inghinearálaitheacht an taighde. Má fhaightear torthaí nach dtagann le torthaí a fuarthas i staidéir eile, cuirtear cúiseanna féideartha ar fáil.

Nóta: is féidir an chaibidil seo a roinnt ina dhá chaibidil: cuirtear na torthaí i láthair sa chéad chaibidil, agus ansin pléitear iad agus déantar nasc leis an litríocht sa dara caibidil.

## Caibidil 5: An Chonclúid

Sa chaibidil seo:

- Luaitear aidhmeanna an tráchtais an athuair.
- Tugtar achoimre ar phríomhthorthaí an tráchtais. Is féidir na ceisteanna taighde a úsáid leis seo a dhéanamh ar bhealach soiléir (luaitear na ceisteanna taighde, agus ansin luaitear na freagraí).
- Aithnítear srianta an taighde, i gcomhthéacs na gceisteanna taighde.
- Scríobhtar píosa machnamhach ina ndéantar cur síos ar an tionchar a bhí ag an taighde ort mar chleachtóir.
- Cuirtear moltaí ar fáil do thaighdeoirí eile agus do pháirtithe leasmhara (e.g. moltaí praiticiúla do mhúinteoirí nó ceannairí scoile, moltaí don bheartas).

## 5.4 Struchtúr samplach: tráchtas le léirbhreithniú córasach litríochta

### Caibidil 1: Réamhrá

**Aidhmeanna, réasúnaíocht, cúlra agus comhthéacs** an taighde.

**Peirspictíocht an taighdeora:** mínítear an fáth a bhfuil spéis agat sa taighde, chomh maith leis an taithí ghairmiúil atá agat.

**Sainmhínithe:** cuirtear sainmhíniú ar fáil ar aon téarmaí tábhachtacha sa taighde, bunaithe ar an litríocht.

**Ceisteanna taighde:** Cuirtear na ceisteanna taighde in iúl go cruinn.

**Leagan amach an tráchtais**: Tugtar cur síos ar na caibidlí atá sa tráchtas.

### Caibidil 2: Cúlra agus comhthéacs

Cuirtear an t-eolas ar fad a bheidh ag teastáil ón léitheoir leis na ceisteanna taighde a thuiscint ar fáil. Mar shampla, más í seo an cheist "cén tionchar atá ag an dátheangachas ar an gcuimhne fheidhmiúil i gcás scoláirí i suímh tumoideachais?", dhéanfaí cur síos (i) ar an dátheangachas, na sainmhínithe agus tuiscintí éagsúla atá ann (ii) ar an tumoideachas, agus na múnlaí éagsúla atá ann (iii) ar an gcuimhne fheidhmiúil – na múnlaí agus tuiscintí atá ann. Dírítear go mórmhór ar chúrsaí teoirice agus beartais sa chaibidil seo (i.e. a gcreidtear faoin ábhar), agus ansin ar thorthaí taighde i gCaibidil 4 (i.e. an méid atá le sonrú sa taighde eimpíreach). NB: <u>Ní phléitear na páipéir a bheidh i gcaibidil 4 (i.e. torthaí an léirbhreithnithe chórasaigh).</u>

### Caibidil 3: An mhodheolaíocht

**Ceisteanna taighde**

**Cur chuige taighde**

- **Paraidím:** mínítear an pharaidím atá ailínithe leis an taighde.
- **Dearadh an taighde***:* tugtar cur síos ar an léirbhreithniú córasach mar mhodh taighde, agus cuirtear réasúnaíocht ar fáil maidir lena úsáid sa taighde seo.

**Dearadh an chuardaigh**

- Luaitear – agus cuirtear réasúnaíocht ar fáil do – **na hinnill chuardaigh** a úsáideadh.
- Luaitear – agus cuirtear réasúnaíocht ar fáil do – **na heochairfhocail** ar baineadh úsáid astu leis an gcuardach a dhéanamh. Cuirtear in iúl go mbaintear úsáid astu le AND agus/nó OR.
- Déantar cur síos ar aon **scagairí** ar baineadh úsáid astu sa chuardach (e.g. scagaire blianta 2014–2024)
- Cuirtear síos go cuimsitheach ar na **critéir iniaimh agus eisiaimh.**
- Déantar cur síos ar **an líon páipéar a fuarthas** sa chéad chuardach, an líon nach raibh oiriúnach bunaithe ar achoimrí a léamh, an líon nach raibh oiriúnach bunaithe ar an bpáipéar iomlán a léamh.
- Cuirtear **cairt PRISMA** isteach mar léiriú ar an bpróiseas cuardaigh.

**Asbhaint na sonraí**: déantar cur síos ar an gcaoi ar baineadh sonraí ó na staidéir éagsúla (e.g. ar baineadh úsáid as foirm Excel? Cad iad na cineálacha sonraí a ndearnadh cur síos orthu? e.g. údar, bliain foilsithe, modh samplála, rannpháirtithe, modhanna, anailís, príomhthorthaí?)

**Anailís a dhéanamh ar shonraí:** déantar cur síos ar an gcaoi a ndearnadh anailís ar na sonraí (e.g. anailís de réir téamaí)

**Caighdeán na staidéar a mheas:** déantar cur síos ar an gcaoi ar tugadh faoi chaighdeán na staidéar a mheas (e.g. ar bhain tú úsáid as seicliostaí CASP?).

**Srianta an taighde**: Mínítear srianta modheolaíochta an taighde (e.g. bunaithe ar an gcaoi a ndearnadh an cuardach).

## Caibidil 4: Torthaí agus tátal

*Sintéisiú:* ní mór sintéisiú a dhéanamh ar thorthaí agus tátal na staidéar éagsúil, seachas cur síos a thabhairt ar pháipéir ceann ar cheann. Ba cheart na príomhphatrúin atá sna torthaí a aithint, agus aon chonspóidí atá sa litríocht a phlé.

*Criticiúil, seachas tuairisciúil*: Ní mór anailís a dhéanamh ar staidéir, seachas cur síos tuairisciúil a thabhairt. Leis sin a dhéanamh, ní mór súil chriticiúil a chaitheamh ar mhodheolaíocht na staidéar. Má tá éagsúlacht sna torthaí i staidéir éagsúla, ba chóir cúiseanna féideartha a mhíniú (e.g. modhanna éagsúla, modhanna samplála éagsúla).

*Caighdeán na fianaise a mheas*: ní mór caighdeán na fianaise atá ar fáil chun an cheist a fhreagairt a mheas. Leis sin a dhéanamh, ní mór aird a thabhairt ar an leibhéal muiníne a bhaineann le staidéir cháilíochtúla, agus ar chúrsaí iontaofachta agus bailíochta i staidéir chainníochtúla. Bíonn dhá fheidhm leis seo: (i) léargas a thabhairt ar chaighdeán an réimse taighde ina iomláine agus (ii) léargas a thabhairt

ar cháilíocht staidéar éagsúla, agus mar sin, ar an luach a chuirtear ar thorthaí gach staidéir.

*Táblaí a úsáid, nuair is cuí***:** baintear dea-úsáid as táblaí le sonraí agus príomhthorthaí na staidéar a chur i láthair don léitheoir.

*Tátal***:** aithnítear na príomhphatrúin sna sonraí agus cuirtear in iúl go soiléir iad.

*Criticiúil***:** léirítear feasacht ar shrianta an léirbhreithnithe féin agus ar an tionchar atá acu ar chaighdeán na fianaise a chuirtear ar fáil.

## Caibidil 5: An Chonclúid

Sa chaibidil seo:

- Luaitear aidhmeanna an tráchtais an athuair.
- Tugtar achoimre ar phríomhthorthaí an tráchtais. Is féidir na ceisteanna taighde a úsáid leis seo a dhéanamh ar bhealach soiléir (luaitear na ceisteanna taighde, agus ansin luaitear na freagraí).
- Aithnítear srianta an léirbhreithnithe, chomh maith leis na srianta a bhaineann leis na staidéir.
- Scríobhtar píosa machnamhach ina ndéantar cur síos ar an tionchar a bhí ag an taighde ort mar chleachtóir.
- Cuirtear moltaí ar fáil do thaighdeoirí eile agus do pháirtithe leasmhara (e.g. moltaí praiticiúla do mhúinteoirí nó ceannairí scoile, moltaí don bheartas).

### 5.5 Struchtúr samplach: léirbhreithniú litríochta traidisiúnta

**Caibidil 1: Réamhrá**

**Aidhmeanna, réasúnaíocht, cúlra agus comhthéacs** an taighde.

**Peirspictíocht an taighdeora:** mínítear an fáth a bhfuil spéis agat sa taighde, chomh maith leis an taithí ghairmiúil atá agat.

**Sainmhínithe:** cuirtear sainmhíniú ar fáil ar aon téarmaí tábhachtacha sa taighde, bunaithe ar an litríocht.

**Ceisteanna taighde:** Cuirtear na ceisteanna taighde in iúl go cruinn.

**Leagan amach an tráchtais**: Tugtar cur síos ar na caibidlí atá sa tráchtas.

**Caibidil 2: Modheolaíocht**

**Ceisteanna taighde**

**Cur chuige taighde**

- **Paraidím:** mínítear an pharaidím atá ailínithe leis an taighde agus an tslí a dtagann nó nach dtagann sé sin lena bhfuil déanta ag taighdeoirí eile romhat.
- **Dearadh an taighde***:* tugtar cur síos ar an léirbhreithniú traidisiúnta mar mhodh taighde, agus cuirtear réasúnaíocht ar fáil maidir lena úsáid sa taighde seo, agus an tslí a dtagann nó nach dtagann sé sin lena bhfuil déanta ag taighdeoirí eile romhat i do réimse féin.

**Dearadh an chuardaigh**

Déantar cur síos ar na cineálacha cáipéisí a lorgaíodh (e.g. staidéir, polasaithe, sonraíochtaí agus curaclaim, tuairiscí taighde, etc). Is maith an nós cur síos ar na háiteanna a ndearnadh cuardach (e.g. innill chuardaigh, suímh ghréasáin i gcás cáipéisí polasaithe, cartlanna etc), agus ar na heochairfhocail ar baineadh úsáid astu.

**Anailís a dhéanamh ar shonraí:** cuirtear síos ar an gcaoi a ndearna tú anailís ar na sonraí (e.g. anailís de réir téamaí)

**Caighdeán na staidéar a mheas:** Cuirtear síos ar an gcaoi ar thug tú faoi chaighdeán na staidéar a mheas (e.g. ar bhain tú úsáid as seicliostaí CASP?).

**Srianta an taighde**: Mínítear srianta modheolaíochta an taighde.

## Caibidlí i gcorp an tráchtais: Torthaí agus tátal

Pléitear torthaí an léirbhreithnithe agus tátal ón léirbhreithniú sna caibidlí a leanann an mhodheolaíocht. Pléitear thíos na tréithe a bhaineann le dea-léirbhreithniú:

*Sintéisiú*: ní mór sintéisiú a dhéanamh ar thorthaí agus tátal na staidéar/cáipéisí éagsúil, seachas cur síos ar pháipéir ceann ar cheann. Ba cheart na príomhphatrúin atá sna torthaí a aithint, agus aon chonspóidí atá sa litríocht a phlé.

*Criticiúil, seachas tuairisciúil*: Ní mór anailís a dhéanamh ar staidéir, seachas cur síos tuairisciúil a thabhairt. Leis sin a dhéanamh, ní mór príomhphatrúin – chomh maith le torthaí codarsnacha – sa taighde a aithint. Má tá éagsúlacht sna torthaí i staidéir éagsúla, ba chóir cúiseanna féideartha a mhíniú (e.g. modhanna éagsúla, modhanna samplála éagsúla). Fágann an tuiscint dhomhain sin gur féidir dul i ngleic leis an teoiric – atá bunaithe ar thorthaí taighde – ar bhealach criticiúil chomh maith.

*Cáilíocht na fianaise a mheas*: ní mór caighdeán na fianaise atá ar fáil chun an cheist a fhreagairt a mheas. Leis sin a dhéanamh, ní mór aird a thabhairt ar an leibhéal muiníne a bhaineann le staidéir cháilíochtúla, agus ar chúrsaí iontaofachta agus bailíochta i staidéir chainníochtúla. Bíonn dhá fheidhm leis seo: (i) léargas a thabhairt ar chaighdeán an réimse taighde ina iomláine agus (ii) léargas a thabhairt ar chaighdeán staidéar éagsúil, agus mar sin, ar an luach a chuirtear ar thorthaí gach staidéir.

*Táblaí a úsáid, nuair is cuí*: is féidir táblaí a úsáid le sonraí na staidéar/polasaithe/curaclam a chur i láthair don léitheoir.

*Tátal***:** aithnítear na príomhphatrúin sna sonraí agus cuirtear in iúl go soiléir iad.

*Criticiúil***:** léirítear feasacht ar shrianta an léirbhreithnithe féin agus ar an tionchar atá acu ar chaighdeán na fianaise a chuirtear ar fáil.

## Caibidil 5: An Chonclúid

Sa chaibidil seo:

- Luaitear aidhmeanna an tráchtais an athuair.
- Tugtar achoimre ar phríomhthorthaí an tráchtais. Is féidir na ceisteanna taighde a úsáid leis seo a dhéanamh ar bhealach soiléir (luaitear na ceisteanna taighde, agus ansin luaitear na freagraí).

- Aithnítear srianta an léirbhreithnithe, chomh maith leis na srianta a bhaineann leis na staidéir.
- Scríobhtar píosa machnamhach ina gcuirtear síos ar an tionchar a bhí ag an taighde ort mar chleachtóir.
- Cuirtear moltaí ar fáil do thaighdeoirí eile agus do pháirtithe leasmhara (e.g. moltaí praiticiúla do mhúinteoirí nó ceannairí scoile, moltaí don bheartas).

## 6. An rúibric a bhaineann leis an tráchtas.

Cuirtear rúibric an tráchtais ar fáil thíos. Is treoir í an rúibric, seachas scéim dhaingean mharcála. Cuirtear an rúibric ar fáil le go mbeadh soiléireacht ag baint leis na critéir ratha a bhaineann leis an tráchtas. Is féidir le rannpháirtithe M.Oid. úsáid a bhaint as an rúibric chun an tráchtas a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh.

Baineann meastóirí úsáid as an rúibric chomh maith mar threoir agus an tráchtas á mharcáil acu. Tabhair faoi deara go ndéantar tréithe an tráchtais a bhriseadh síos sa rúibric ar mhaithe le soiléireacht, ach go ndéantar an tráchtas a mheas ar bhealach iomlánaíoch; bíonn tréithe a bhaineann le pas le gradam agus pas ag tráchtas go minic, cuir i gcás, agus déanann an meastóir cinneadh bunaithe ar an tráchtas ina iomláine.

Níl ualú ar leith ag baint leis na catagóirí éagsúla. Cuireann meastóirí níos mó béime ar chatagóirí éagsúla ag braith ar an modheolaíocht a mbaintear úsáid as sa tráchtas (e.g. is minic a bhíonn tuilleadh tábhachta ag baint leis an gcur síos ar an modheolaíocht agus cúrsaí eitice i staidéar eimpíreach, ná mar a bheadh i léirbhreithniú traidisiúnta, áit a gcuirfí an-bhéim ar úsáid chuí na litríochta).

| | (Teip) <50% | 50–59% | 60–69 % | ≥ 70% |
|---|---|---|---|---|
| Úsáid na litríochta | • Tuiscint bhunúsach – nó easpa tuisceana- ar an taighde, teoiric agus beartas ábhartha.<br>• Cuirtear torthaí ó staidéir i láthair ar bhealach sraitheach, seachas comhtháite.<br>• Níl fianaise ann go bhfuil meastóireacht déanta ar chaighdeán fhianaise na staidéar.<br>• Baintear úsáid as cur chuige tuairisciúil den chuid is mó.<br>• Tá bearnaí ann sa léirbhreithniú, agus/nó tá plé ann ar théamaí nó réimsí nach bhfuil ábhartha do na ceisteanna taighde. | • Tuiscint ar an taighde, teoiric agus beartas ábhartha.<br>• Cuirtear torthaí ó staidéir i láthair ar bhealach comhtháite den chuid is mó.<br>• Tá roinnt fianaise ann go bhfuil meastóireacht déantar ar chaighdeán fhianaise na staidéar.<br>• Tá an léirbhreithniú cothrom le dáta, ar an iomlán, cé go bhfuil cúpla bearna ann.<br>• Baintear úsáid as cur chuige anailíseach den chuid is mó, cé go bhfuil sé tuairisciúil anseo is ansiúd.<br>• Tá an léirbhreithniú cuimsitheach ar an iomlán, cé go bhfuil cúpla bearna ann. | • An-tuiscint ar an taighde, teoiric agus beartas ábhartha.<br>• Cuirtear torthaí ó staidéir i láthair ar bhealach sintéiseach, comhtháite.<br>• Tá fianaise ann go bhfuil meastóireacht déanta ar chaighdeán fhianaise na staidéar.<br>• Tá an léirbhreithniú cothrom le dáta<br>• Pléitear torthaí codarsnacha sa litríocht ar bhonn anailíseach, más cuí.<br>• Baintear úsáid as cur chuige anailíseach - seachas tuairisciúil – tríd síos. | • Sárthuiscint ar an taighde, teoiric agus beartas ábhartha.<br>• Cuirtear torthaí ó staidéir i láthair ar bhealach sintéiseach, comhtháite.<br>• Fianaise ann go bhfuil meastóireacht déantar ar chaighdeán fhianaise na staidéar, go háirithe trí athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí na staidéir.<br>• Tá an léirbhreithniú cothrom le dáta, agus sainaithnítear páipéir tosaigh an réimse chomh maith.<br>• Pléitear torthaí codarsnacha sa litríocht ar bhonn anailíseach, más cuí.<br>• Baintear úsáid as cur chuige anailíseach - seachas tuairisciúil – tríd síos. |
| An Mhodheolaíocht | • Ceisteanna taighde bunúsacha curtha i láthair.<br>• Tuiscint bhunúsach – nó easpa tuisceana- ar an bparaidím taighde atá ailínithe leis an staidéar.<br>• Réasúnaíocht éadrom nó míshoiléir don mhodheolaíocht a roghnaíodh.<br>• Bearnaí móra ann sa chur síos a thugtar ar chinntí deartha an staidéir.<br>• Tuiscint bhunúsach – nó easpa tuisceana- ar chúrsaí eitice, go háirithe i gcás staidéir le sonraí príomhúla<br>• Plé an-easpach ar chaighdeán na fianaise a chuirtear ar fáil sa tráchtas agus ar na srianta.<br>• Níl an anailís atá déanta ar chaighdeán sásúil. | • Ceisteanna taighde oiriúnacha, atá ailínithe leis na modhanna taighde.<br>• Tuiscint réasúnta ar an bparaidím taighde atá ailínithe leis an staidéar<br>• Réasúnaíocht réasúnta soiléir curtha ar fáil don mhodheolaíocht a roghnaíodh.<br>• Cur síos cuimsitheach go leor déantar ar chinntí deartha an staidéir, cé go bhfuil cúpla bearna ann.<br>• Tuiscint ar chúrsaí eitice, go háirithe i gcás staidéir le sonraí príomhúla<br>• Cé go bpléitear na srianta, ní dhéantar anailís chuimsitheach ar chaighdeán na fianaise a chuirtear ar fáil sa tráchtas,<br>• Plé ginearálta ar chúrsaí muiníne agus nó/ iontaofachta agus bailíochta.<br>• Anailís oiriúnach déanta ar na sonraí. | • Ceisteanna taighde oiriúnacha, atá ailínithe leis na modhanna taighde.<br>• An-tuiscint ar an bparaidím taighde atá ailínithe leis an staidéar<br>• Réasúnaíocht shoiléir don mhodheolaíocht a roghnaíodh.<br>• Cur síos cuimsitheach ar chinntí deartha an staidéir<br>• Tuiscint ar chúrsaí eitice, go háirithe i gcás staidéir le sonraí príomhúla<br>• Anailís déanta ar chaighdeán na fianaise a chuirtear ar fáil sa tráchtas agus ar shrianta an taighde.<br>• Tuiscint ar chúrsaí muiníne agus/nó iontaofachta agus bailíochta.<br>• Anailís oiriúnach, chuimsitheach déanta ar na sonraí. | • Ceisteanna taighde oiriúnacha, atá ailínithe leis na modhanna taighde.<br>• Sárthuiscint ar an bparaidím taighde atá ailínithe leis an staidéar<br>• Réasúnaíocht láidir, le tacaíocht ón litríocht, don mhodheolaíocht a roghnaíodh.<br>• Cur síos cuimsitheach ar chinntí deartha an staidéir<br>• Sárthuiscint ar chúrsaí eitice, go háirithe i gcás staidéir le sonraí príomhúla<br>• Anailís déanta ar chaighdeán na fianaise a chuirtear ar fáil sa tráchtas agus ar shrianta an taighde.<br>• Sárthuiscint ar chúrsaí muiníne agus/nó iontaofachta agus bailíochta.<br>• Anailís oiriúnach, chuimsitheach déanta ar na sonraí. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Torthaí agus tátal | • Pléitear torthaí an taighde ar bhealach tuairisciúil den chuid is mó.<br>• Ní bhaintear tátal oiriúnach as na torthaí.<br>• Ní léirítear tuiscint ar an gcaoi a bhfuil na torthaí ailínithe leis an litríocht agus teoiricí atá ann cheana féin.<br>• Ní léirítear tuiscint ar na srianta a bhaineann leis na torthaí.<br>• Ní chuirtear impleachtaí agus moltaí ar fáil maidir le taighde, beartais agus cleachtais, nó cuirtear moltaí bunúsacha ar fáil. | • Pléitear torthaí an taighde ar bhealach anailíseach den chuid is mó, cé go bhfuil sé tuairisciúil ó am go chéile.<br>• Baintear tátal oiriúnach as na torthaí.<br>• Léirítear tuiscint áirithe ar an gcaoi a bhfuil na torthaí ailínithe leis an litríocht agus teoiricí atá ann cheana féin.<br>• Léirítear tuiscint áirithe ar na srianta a bhaineann leis na torthaí.<br>• Cuirtear impleachtaí agus moltaí ar fáil maidir le taighde, beartais agus cleachtais. | • Pléitear torthaí an taighde ar bhealach anailíseach.<br>• Léirítear léargas sa tátal a mbaintear as na torthaí.<br>• Léirítear tuiscint ar an gcaoi a bhfuil na torthaí ailínithe leis an litríocht agus teoiricí atá ann cheana féin.<br>• Léirítear tuiscint ar na srianta a bhaineann leis na torthaí.<br>• Cuirtear impleachtaí agus moltaí an-oiriúnach ar fáil maidir le taighde, beartais agus cleachtais. | • Pléitear torthaí an taighde ar bhealach anailíseach.<br>• Léirítear an-léargas sa tátal a mbaintear as na torthaí.<br>• Léirítear sárthuiscint ar an gcaoi a bhfuil na torthaí ailínithe leis an litríocht agus teoiricí atá ann cheana féin.<br>• Léirítear sárthuiscint ar na srianta a bhaineann leis na torthaí.<br>• Léirítear an-léargas ar an gcomhthéacs sna himpleachtaí agus moltaí a chuirtear ar fáil maidir le taighde, beartais agus cleachtais. |
| An múinteoir Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar thaighdeoir | • Léirítear tuiscint bhunúsach nó easpa tuisceana ar chomhthéacs an oideachais Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br>• Ní dhéantar iniúchadh ar ról an chleachtóra mar thaighdeoir.<br>• Ní léirítear tuiscint ar chúrsaí eitice a bhaineann go sonrach le taighde a dhéanamh i mionteanga le daonra beag, más cuí.<br>• Léirítear tuiscint bhunúsach – nó easpa tuisceana- ar pholasaithe, ar churaclaim nó sonraíochtaí a bhaineann leis an oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. | • Léirítear tuiscint ar chomhthéacs an oideachais Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, cé go bhfuil cúpla bearna ann.<br>• Léirítear tuiscint ar ról an chleachtóra mar thaighdeoir ar an iomlán.<br>• Léirítear tuiscint áirithe ar chúrsaí eitice a bhaineann go sonrach le taighde a dhéanamh i mionteanga le daonra beag, más cuí.<br>• Léirítear tuiscint ar pholasaithe, ar churaclaim nó sonraíochtaí a bhaineann leis an oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. | • Léirítear an-tuiscint ar chomhthéacs an oideachais Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br>• Léirítear an-tuiscint ar ról an chleachtóra mar thaighdeoir sa suíomh Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br>• Léirítear an-tuiscint ar chúrsaí eitice a bhaineann go sonrach le taighde a dhéanamh i mionteanga le daonra beag, más cuí.<br>• Léirítear an-tuiscint ar pholasaithe, ar churaclaim nó sonraíochtaí a bhaineann leis an oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. | • Léirítear sárthuiscint ar chomhthéacs oideachais, sochtheangeolaíochta agus teangeolaíochta an oideachais Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br>• Léirítear tuiscint chriticiúil ar ról an chleachtóra mar thaighdeoir sa suíomh Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br>• Léirítear sárthuiscint ar chúrsaí eitice a bhaineann go sonrach le taighde a dhéanamh i mionteanga le daonra beag, más cuí.<br>• Léirítear sárthuiscint ar pholasaithe, ar churaclaim nó sonraíochtaí a bhaineann leis an oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. |
| Leagan amach agus cur i láthair | • Níl leagan amach soiléir go leor ar an tráchtas.<br>• Tá go leor athrá sa téacs.<br>• Ní chloítear leis na nósmhaireachtaí téacs agus tagartha.<br>• Tá go leor earráidí nó botún ann, a chuireann isteach ar thuiscint an léitheora. | • Leagan amach soiléir go leor ar an tráchtas.<br>• Baintear úsáid as stíl réasúnta gonta den chuid is mó,<br>• Cloítear leis na nósmhaireachtaí téacs agus tagartha den chuid is mó.<br>• Léirítear scileanna maithe scríbhneoireachta, cé go bhfuil roinnt earráidí nó botúin sa téacs. | • Leagan amach soiléir ar an tráchtas.<br>• Baintear úsáid as stíl ghonta, gan aon athrá.<br>• Cloítear leis na nósmhaireachtaí téacs agus tagartha.<br>• Léirítear ardscileanna scríbhneoireachta, cé go bhfuil cúpla earráid nó botún sa téacs. | • Leagan amach an-soiléir ar an tráchtas.<br>• Baintear úsáid as stíl ghonta, gan aon athrá.<br>• Cloítear leis na nósmhaireachtaí téacs agus tagartha.<br>• Léirítear sárscileanna scríbhneoireachta. |